# Taithí Foghlama Eiseamláire CHARM-EU

Leis an gcáipéis seo, déantar cur síos ar na gníomhaíochtaí foghlama eiseamláire a dearadh, a cuireadh i bhfeidhm agus a athbhreithníodh mar chuid de Phacáiste Oibre 7 CHARM-EU. Bhí na gníomhaíochtaí foghlama eiseamláire sin ríthábhachtach maidir le gnéithe oideachais agus riaracháin den Mháistreacht CHARM-EU sna Dúshláin Dhomhanda a thástáil. Leis an achoimre seo, cuirtear faisnéis ghairid ar fáil faoin taithí foghlama sin agus naisc bhreise chuig acmhainní gaolmhara.

Nuair a bhí an taithí foghlama eiseamláire á dearadh, tugadh ar aire gur léiríodh leis an taithí sin na prionsabail oideachais agus treoirlínte ábhair atá leagtha amach ag foireann deartha an churaclaim (WP3). Cinntíodh freisin gur cuireadh deis ar fáil chun an timpeallacht foghlama fhíorúil agus an córas bainistíochta foghlama a thástáil, córas atá le tabhairt isteach sa Mháistreacht phíolótach Eolaíochta sna Dúshláin Dhomhanda don chlár inbhuanaitheachta. Cé is moite de chláir ailínithe CHARM, rinneadh monatóireacht go grinn ar an taithí foghlama eiseamláire a chur ar fáil agus rinneadh tuairisciú air sin i gcáipéisí éagsúla.

### Taithí foghlama eiseamláire: Scoil Gheimhridh CHARM-EU Ar Líne don bhliain 2021

Chuir WP7 taithí foghlama eiseamláire i gcrích i bhfoirm Scoil Gheimhridh ar líne a bhí ar siúl ón 27 Eanáir go dtí an 30 Eanáir 2021 agus is féidir teacht ar na sonraí iomlána i dTuarascáil na Scoile Geimhridh i bhFoireann Uirlisí CHARM-EU. Ceapadh ar dtús gur clár Scoile Samhraidh ar an láthair a bheadh i gceist, clár a bhí le bheith ar siúl i samhradh na bliana 2020, ach cuireadh moill air de dheasca phaindéim Covid-19 agus mar thoradh air sin cinneadh Scoil Gheimhridh ar líne a reáchtáil ar dháta níos déanaí. Leis an gclár taithí foghlama eiseamláire seo, tástáladh uirlisí agus cuir chuige oideolaíochta a bhí molta agus a bhí le húsáid ag CHARM-EU don Mháistreacht phíolótach Eolaíochta sna Dúshláin Dhomhanda d'inbhuanaitheacht.

### Micreachláir phíolótacha inmheánacha

Thug WP7 cuireadh do phacáistí oibre eile a micreachláir phíolótacha féin a dhéanamh le cur san áireamh sa Scoil Gheimhridh, agus iarradh sraith bheag díobh sin ó roinnt de na WPanna eile. Áiríodh orthu sin:

- WP4.4. Aiseolas an VLE (comhlánaithe agus tuairiscithe sa tuarascáil mheasúnaithe, 7.4)
- WP4.5. Spás Réaltachta Measctha d'Imeachtaí Sóisialta (comhlánaithe agus tuairiscithe sa tuarascáil, 7.4)
- WP5. Maitrís Soghluaisteachta (Níl sé réitithe in am le cur san áireamh san imeacht)

### Taithí foghlama eiseamláire ailínithe CHARM

Bhí deis eile ann chun na gníomhaíochtaí atá ann agus atá le teacht a phlé laistigh de na páirtithe Comhghuaillíochta atá ag teacht le samhail CHARM-EU. Ba é an deis sin ná athbhreithniú a dhéanamh ar na himeachtaí ina raibh prionsabail oideachais CHARM-EU nó cuir chuige foghlama agus teagaisc san áireamh. Cruthaíodh teimpléad do na himeachtaí sin ina raibh cur síos ag gach imeacht ar an gcomhghuaillíocht atá ag an imeacht le cuir chuige oideachais CHARM-EU le bheith ina eiseamláir a bhféadfaí foghlaim uaithi.

**Mórdhúshláin Tionsclaíochta FLOW sa Fhrainc: Scoil Samhraidh - Meitheamh na bliana 2021**

Reáchtáladh Scoil Samhraidh FLOW ó chian ón 25 Bealtaine go dtí an 11 Meitheamh 2021. Bhí an scoil sin faoi stiúir Polytech Montpellier i gcomhar le dhá scoil eile Innealtóireachta Montpellier, L'Institut Agro SupAgro Montpellier agus ENSCM. Leis an scoil seo tugadh 50 mac léinn fochéime innealtóireachta ó 20 náisiúntacht dhifriúil le chéile, lena n-áirítear 7 mac léinn ó ollscoileanna comhpháirtithe CHARM-EU (2 UB, 3 TCD agus 2 ELTE). Bhí an Scoil Samhraidh ag teacht go láidir le prionsabail oideachais uile CHARM-EU. Bhí an measúnú ginearálta ar an eagrán cianfhoghlama 100% seo an-dearfach ó tharla go raibh níos mó ná 90% de na mic léinn sásta nó an-sásta leis an gclár. Chun an fhaisnéis is déanaí a fháil faoin gclár seo téigh chuig an láithreán gréasáin anseo.

**Haiceatón Water4Future - Márta na bliana 2021**

Is haiceatón idirnáisiúnta ar líne é Water4Future lena dtugtar aghaidh ar dhúshláin uisce uirbigh agus lena n-iarrtar ar rannpháirtithe réiteach inbhuanaithe don todhchaí a chomhdhearadh. Ba é seo an 3ú heagrán den haiceatón, a reáchtáladh idir an 5 agus 6 Márta 2021, agus bhí tionscnamh ann ó EOECNA agus ó ollscoil Montpellier. Trí thaithí chomhoibríoch a chur ar fáil, agus leis an deis atá ann páirt a ghlacadh i bhfoireann ildisciplíneach a bhfuil tacaíocht faighte aici ó shaineolaithe agus ó pháirtithe leasmhara seachtracha chun obair a dhéanamh i dtreo todhchaí atá níos inbhuanaithe, cuimsíonn Water4Future samhail CHARM-EU go foirfe. Chun an fhaisnéis is déanaí a fháil faoin gclár seo téigh chuig an láithreán gréasáin anseo.